# Comhordanáidí 1: Toraíocht Taisce

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - comhordanáidí, suíomh, gluaiseacht agus treo, cruthanna 2T<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Forbairt Phearsanta agus Comthuiscint* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• obair s'acu a phleanáil agus a eagrú, ag foghlaim le hoibriú go córasach<br>• réimse straitéisí a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna, ag lorg dóigheanna le deacrachtaí a shárú<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• smaointe agus modhanna oibre s'acu a chur i gcomparáid le daoine eile |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | ar chlé, ar dheis, suas, síos, x-ais, y-ais, pointe, greille, ceathrú, comhordanáid |
| **Áiseanna** | páipéar cearnógach, pinn luaidhe, rialóirí, Uirlis Sórtála Mol Mata (greille), cluiche Mol Mata ar líne |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

An chéad cheathrú in úsáid aige, míníonn an múinteoir go n-úsáidtear comhordanáidí leis an áit a dtrasnaíonn dhá phointe ar ghreille a shainaithint. Léiríonn an chéad uimhir cá fhad atá le bogadh ar dheis, agus léiríonn an dara huimhir cá fhad atá le bogadh suas nó síos an ghreille. Ansin, tugann an múinteoir treoracha do na daltaí le pointí a bhreacadh ar ghreille, rud a chruthóidh cruthanna difriúla 2T nuair a chuirfear le chéile iad.

### 2 Gníomhaíocht 2

Ina mbeirteanna athdhéanann daltaí Gníomhaíocht 1, tugann siad treoracha, breacann siad pointí agus foirmíonn siad cruthanna ar an ghreille chomhordanáidí ar a seal.

### 3 Gníomhaíocht 3

Comhordanáidí sa chéad cheathrú in úsáid acu, dearann daltaí léarscáil taisce, cuireann siad píosaí taisce ag pointí dá rogha féin. Ansin, iarrann siad ar a gcomhscoláire a thomhas cá háit a bhfuil an taisce trí chomhordanáidí a ainmniú. Tugann siad aiseolas dá gcomhscoláire gach uair a thomhaiseann sé/sí, ag léiriú cá fhad atá siad ón taisce. Ansin, malartaíonn siad róil agus déanann siad an ghníomhaíocht arís.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • An dtig leat an cruth a dhéanfaidh muid a thuar?<br>• Cén pointí ina luíonn an triantán?<br>• Cén cruth atá le feiceáil ag Pointí ___?<br>• Cá fhad ar dheis atá orm bogadh le Pointe ___ ar an ghreille a bhaint amach?<br>• Cá fhad atá sé ó Phointe ___ go Pointe ___ ar an ghreille? | • Cad iad na straitéisí a d'úsáid tú nuair a thug tú leideanna do do chomhscoláire?<br>• An raibh sé níos fusa treoracha a thabhairt nó a leanúint? Cad chuige a bhfuil sé sin amhlaidh?<br>• Cad é a d'fhoghlaim tú faoi chomhordanáidí sa ghníomhaíocht seo? |

## Difreáil

Socraigh cruthanna agus líon comhordanáidí/treoracha de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.